**Suantraí na Spioróg**
*Amano de Londra Miura*

Tá'n solas nach mór caillte ag an spéir
'S tá'n giorria i bhfolach insan bhféar
Tá'n fia odhar ag eirí as a léimneach sa gharraí
Is beidh an focal scoir ag na spioróga

**Cúrfá:**
*Ó fuisitigí*
*Ó éistigí*
*Ó ligigí bhur sciatháin síos*
*Ó fuistigí*
*Ó éisitigí*
*Eitlígí i bhur mbrionglóidí*

Tá ceol na gcriogair glasa ar an aer
'Gus lóchrainn geala na réaltbhuíonta croctha insan spéir
Is éiróimid amárach nuair a ghlaonn an piasún
Ach anois tá'n focal scoir ag na spioróga

**Cúrfá:**

Tá fómhar an arbhair fé lán seol
'Gus obair dian á dhéanamh ag na daoine, sean 'gus óg
Ullmhaíonn na fáinleoga, dá dturas uainn ó dheas
Ach anocht tá'n focal scoir ag na spioróga

**Cúrfá:**

**Cúrfá deiridh:**
*Ó fuist anois*
*Ó éist anois*
*Ó lig anois do sciatháin síos*
*Ó fuist anois*
*Ó éist anois*
*Lean ort ag eitilt i do bhrionglóidí*

**The Sparrowhawk's Lullaby**
*Amano de Londra Miura*

The sky has almost lost the light
The hare is hiding in the grass
The roe deer stops its jumping in the field
And the sparrowhawks will have the final word

**Chorus:**
*Oh hush*
*Oh quieten*
*Oh let down your wings*
*Oh hush*
*Oh quieten*
*Keep on flying in your dreams*

The green cricket's music is in the air
And the bright lanterns of the constellations are hung up in the sky
And tomorrow well; get up when the pheasant calls
But for now the sparrowhawk will have the final word

**Chorus:**

The grain harvest is in full swing
And the people, young and old, are working hard
The swallows prepare for their journey south
But tonight the sparrowhawk will have the final word

**Chorus:**

**Final Chorus:**
*Oh hush now*
*Oh quieten now*
*Oh now let down your wings*
*Oh hush now*
*Oh quieten now*
*Keep on flying in your dreams*